



# SCRATCH



## Comhéadan Úsáideora



SCRATCH

# Catagóirí Bloc

| | |
|---|---|
| Gluaiseacht | Pléann bloic ghluaiseachta le gluaiseacht spride. Baineann siad den chuid is mó le suíomh *x* agus *y* agus le treo na spride. |
| Cuma | Pléann na bloic a bhaineann le Cuma leis an dreach (an chuma) atá ar na sprideanna agus ar an ardán. |
| Fuaim | Baineann bloic fuaime le ceol/ fuaimeanna éagsúla a sheinm.  Is féidir teacht ar fhuaimeanna i Leabharlann na bhFuaimeanna nó iad a chruthú. |
| Teagmhais | Baineann bloic theagmhais le spreagthaigh éagsúla sa tionscadal, m.sh. tráth a dhéanann píosa amháin comhartha le píosa eile go bhfuil a chód le rith. |
| Rialú | Pléann Rialú le bloic a rialaíonn feidhmeanna agus a úsáidtear le lúb / coinníoll a chur sa chód. Rialaíonn siad an tionscadal agus cuireann siad leis. |
| Brath | Is féidir bloic a bhaineann le Brath a úsáid le coinníollacha áirithe a bhrath, m.sh. nuair a theagmhaíonn sprid amháin le sprid eile. |



# Catagóirí Bloc



Oibreoirí

Pléann bloic oibreoirí le go leor feidhmeanna matamaiticiúla taobh istigh den tionscadal.


Athróga


Tá dhá fhochatagóir sna bloic athróg, Athróga agus Liostaí. Baineann an dá cheann acu le sonraí a stóráil agus a aimsiú.

Mo Chuid Blocanna


Is bloic iad Mo Chuid Blocanna a choinníonn na nósanna imeachta a bhaineann le sprid áirithe.

Tá breisithe in Scratch a chuireann gnéithe breise ar fáil don úsáideoir nó a chumasaíonn nasc leis an domhan fhisiciúil nó le gléasanna fisiciúla.




# Leabharlann na Sprideanna




Tá neart sprideanna i Leabharlann na Sprideanna. Is féidir leat do chuid sprideanna féin a uaslódáil nó a chruthú chomh maith Tá cultacha go leor ag cuid de na sprideanna agus is féidir leat iad a mhalartú. Is féidir eagarthóireacht a dhéanamh ar na sprideanna ach brú ar an táb Cultacha.

SCRATCH

# Leabharlann na gCúlraí





Tá go leor teimpléid chúlra ag Scratch i Leabharlann na gCúlraí. Tá 85 ceann acu le roghnú astu i 9 gcatagóir éagsúla.

Is féidir le húsáideoirí ceann a roghnú as sin nó is féidir leo a gceann féin a uaslódáil, nó is féidir ceann a chruthú ach cliceáil ar dheilbhín na scuaibe péinteála.

SCRATCH

# Leabharlann na bhFuaimeanna




Tá neart fuaimeanna ag Scratch sa leabharlann fuaime. Tá naoi gcatagóir éagsúla le roghnú astu.

Is féidir le húsáideoirí fuaimeanna a roghnú as sin, nó is féidir leo fuaim a uaslódáil agus/nó a chruthú.

Is féidir leis an úsáideoir eagarthóireacht a dhéanamh ar fhuaim ar bith.

SCRATCH

# Athróga






## Cad is Athróg ann?

- Is rud é Athróg inar féidir sonraí (m.sh. uimhreacha/téacs) a stóráil agus iad a uasdátú.
- Is féidir leat do chuid athróga féin a chruthú agus is féidir athróg ar bith a thaispeáint ar an Ardán más maith leat.

## An dóigh le hAthróg a chruthú:

- Cliceáil ar Athróga sa táb Cód, ansin cliceáil ar 'Cruthaigh Athróg'.
- Scríobh isteach ainm d'athróige. Is féidir leat rogha a dhéanamh ansin cé acu ba mhaith leat an athróg a chur ar fáil d'achan sprid nó don sprid seo amháin. Brúigh OK.







# Craoltóireacht

**Teachtaireacht a chraoladh in Scratch:**

- Is bealach é **craoladh** le teachtaireacht a sheoladh a bheidh le cloisteáil ag achan sprid.
- Is féidir leat teachtaireacht a chruthú le craoladh. Is féidir  téacs ar bith a scríobh sa teachtaireacht ach is maith an nós é an téacs a dhéanamh ábhartha soiléir.


**An dóigh le Craoladh a chruthú:**


- Aimsigh an bloc 'craol...' faoi ‘Teagmhais’. Roghnaigh
- ‘Teachtaireacht nua’ sa roghchlár anuas.
- Scríobh isteach do theachtaireacht agus cliceáil OK.
- Is féidir leat cinneadh a dhéanamh faoi cá huair a bheas do theachtaireacht le craoladh.


**Craoladh a fháil:**

- Is féidir le sprid  an bloc ‘nuair a fhaighim’ a úsáid le freagairt do chraoladh.
- Is féidir le níos mó ná sprid amháin freagairt don chraoladh chéanna, agus ar bhealach éagsúil.
- I gcás sprid ar bith is féidir bloic eile a chur faoi 'nuair a fhaighim' le hinsint don sprid cad é atá le déanamh aici féin nuair a fhaigheann sí an teachtaireacht.







# Gluaiseachtaí bunúsacha




## AG BOGADH CHUN TOSAIGH

# Gluaiseachtaí bunúsacha





## AG BOGADH SIAR

# Gluaiseachtaí bunúsacha




## AG CASADH AR CHLÉ

# Gluaiseachtaí bunúsacha




## AG CASADH AR DHEIS

# SCRATCH

## Gluaiseachtaí bunúsacha





**AG DUL CHUIG**

**ÁIT FAOI LEITH**




# Gluaiseachtaí bunúsacha







## AG SLEAMHNÚ TRASNA AN SCÁILEÁIN



# Gluaiseachtaí bunúsacha




LÉIM SUAS AGUS SÍOS



SCRATCH




# Gluaiseachtaí bunúsacha




## SAIGHEAD EOCHRACHA

## IN ÚSÁID





SCRATCH



# Gluaiseachtaí bunúsacha

**Saincheap (múnlaigh) an cód:**

- Athraigh an luach sna bloic le luas na spride a athrú, nó méid na huillinne (casadh), nó fad siúil na spride nó aird na léime nó fad an tsleamhnaithe.
- Bain triail as bloic éagsúla le gluaiseachtaí de do chuid féin a chruthú.

**Nod breise:**

- Cuir cúlra ildaite ann agus cultacha éagsúla ar na sprideanna le go mbeidh na beochaintí lán de bhrí!
- Ná déan dearmad go dtig leat an bloc gluaiseachta ***'más ar an imeall, preab'*** a úsáid leis an sprid a choinneáil ar an scáileán.

